Coimisiún na Scrúduithe Stáit
State Examinations Commission

# AN ARDTEISTIMÉIREACHT 2009

# AISTRIÚCHÁN AR SCÉIM MHARCÁLA

# NASCMHODÚIL

## LEIBHÉAL COMÓNTA

Coimisiún na Scrúduithe Stáit
State Examinations Commission

# GAIRMCHLÁR NA hARDTEISTIMÉIREACHT, 2009

# AISTRIÚCHÁN AR SCÉIM MHARCÁLA

## Scrúdú Nascmhodúl

## Scrúdú Scríofa

| | |
|---|---|
| Marcanna Iomlána an Scrúdaithe 160 | |
| Gradam | 128 marc |
| Fiúntas | 104 marc |
| Pas | 80 marc |

| Roinn A | Closamharc | 30 marc |
|---|---|---|

| | | |
|---|---|---|
| **C1** | Ainmnigh **aon** pháirtí leasmhar i ngnólacht | **1 mharc** |

1 *Fostaithe*
2 *Custaiméirí*
3 *Scairshealbhóirí*
4 *Pobal*

*1@ 1m*

| | | |
|---|---|---|
| **C2** | Cad iad buntáistí Fhreagracht Chorparáideach Shóisialta do ghnólachtaí? | **2 mharc** |

1 *Breis iomaíochais*
2 *Cáil níos fearr*
3 *Níos mó brabúis mar thoradh uirthi.*
4 *Léiríonn go dtugann an gnólacht aird ar ghnéithe sóisialta agus timpeallachta*
5 *Oibríonn an fhoireann níos fearr le chéile laistigh den ghnólacht.*

*2 @ 1m*

| | | |
|---|---|---|
| **C3** | Mínigh **dhá** bhealach inar féidir le gnólacht tacú le tionscadail dheonacha nó le tionscadail phobail. | **4 mharc** |

1 Bíonn *gnólachtaí in ann an fhoireann a spreagadh a bheith páirteach i dtionscadail phobail áitiúla/le hairgead a bhailiú/le hobair dheonach a dhéanamh/saoire ar pá*
2 *Deontais a thabhairt d'eagraíochtaí pobail agus deonacha*
3 *Urraíocht a thabhairt/agus sampla a thabhairt*

*2 @ 2m*

**Cuid 2**

| | | |
|---|---|---|
| **C4** | Mínigh trí scil a léiríonn na daoine a dhéanann obair dheonach do Thionscadail Niall Mellon. | **3 mharc** |

1 *Obair chrua; 200 teach tógtha go hiomlán i seachtain amháin.*
2 *Eagraithe; caitear gach rud a bheith pleanáilte roimh ré.*
3 *Réiteach fadhbanna; caitear fadhbanna a réiteach.*
4 *Scileanna obair fhoirne; caitheann duine a bheith in ann dul in oiriúin.t*
5 *Tiomantas/díograis; bailíonn oibrithe deonacha airgead/iarracht daoine in Éirinn a chur ar an eolas faoin tionscadal.*
6 *Scil phraiticiúil e.g. bríceadóireacht/péinteáil/plástráil.*

*3 @ 1m*

| | |
|---|---|
| **C5** | Déan cur síos ar **dhá** bhuntáiste a bhaineann gnólachtaí as a bheith ag obair i gcomhar leis an bpobal áitiúil. **4 mharc** |

*1* *Déanann sé leas do cháil na cuideachta agus cuireann sé leis a caidreamh a bhíonn ag gnólacht le pobal áitiúil/cuireann sé le híomhá na cuideachta.*
*2* *Is féidir le tionscnaimh phobail scileanna agus muinín fostaithe a fhorbairt.*
*3* *Earcaíocht bhreise áitiúil mar thoradh air/ as sin tagann dílseacht custaiméirí/éiríonn níos fearr leis an ngnólacht sa deireadh thiar dá bharr.*

*1 @ 3m*

| | |
|---|---|
| **C6** | Conas is féidir féachaint ar iarrachtaí gnólachta a cháil a fheabhsú taobh amuigh den eagraíocht? **4 mharc** |

*Is féidir buntáistí móra a bheith ag baint le bheith ag obair le pobail áitiúla ina bhfuil an gnólacht ag feidhmiú.*
*Sainchomhairle/cúnamh praiticiúil/*
*Urraíocht/síntiúis airgid d'eagraIochtaí pobail*

*1 @ 4m*

**Cuid 3**

| | |
|---|---|
| **C7** | Conas a chomhlíonann gnólachtaí a ndualgas sóisialta ? **6 mharc** |

*1* *Tesco/Ag cuidiú le pobal ar leith/cúis ar leith.*
*Cuireann Tesco Clár 'Carthanas na Bliana' ar siúl. Gach bliain, roghnaítear cúis na bliana. Téann aon airgead a bhailítear i rith na bliana in ollmhargaí áitiúla i dtreo na gcarthanachas roghnaithe sa phobal sin.*

*2* *Intel/Ag Cur leis an gcomhshaol*
*Tá obair déanta ag Intel le grúpaí difriúla féachaint le feabhas a chur ar Abhainn naRí atá ag síneadh lena monarcha i gCill Dara. Baineann an fhoireann agus an pobal áitiúil tairbhe as an tionscadal sin. Tá acmhainní agus tacaíocht curtha ar fáil ag Intel chun saineolaithe comhshaoil a thabhairt isteach chun feabhas a chur ar an mbeatha plandaí agus ar na leibhéil éisc san abhainn.*

*2 @ 3m*

| | |
|---|---|
| **C8** | Déan cur síos ar bhealaí inar féidir le cuideachtaí a chinntiú go bhfuil an bhaint atá acu leis an bpobal éifeachtach? **6 mharc** |

*1* *Déan teagmháil le Business in the Community Ireland ar cuideachta í a dhéanann sainobair i dtaobh comhairle agus treoir a thabhairt do chuideachtaí maidir lena bhfreagracht chorparáideach shóisialta.*
*2* *Clár pobail a bhunú, e.g conas an fhoireann a spreagadh chun obair dheonach a dhéanamh ina gceantair áitiúla.*
*3* *Plean pobail a chur i dtoll a chéile a bhíonn ag teacht lena cuspóirí gnó agus a mbíonn tionchar go fírinneach aige ar an tsochaí.*

*2 @ 3m*

| Roinn B | Cás-Staidéar | 30 Marc |
|---|---|---|

| | |
|---|---|
| **C1** | Sainaithin agus mínigh na buntáistí a bhaineann Cúram Carranna as a bheith ag obair i gcomhar. **6 mharc** |

1 *Is féidir an obair a dhéanamh níos tapa/ bíonn an obair roinnte ó tharla go mbíonn níos mó ná duine amháin ag plé léi.*

2 *Bíonn tuiscint ag oibrithe ar an obair a bhaineann le réimsí eile.*

3 *Bíonn muintearas i measc oibrithe agus dhá bhrí sin bíonn siad níos sásta ag an obair.*

4 *Bíonn réimse leathan taithí/scileanna ar fáil le húsáid.*

5 *Bíonn an fhreagracht roinnte; ní bhíonn an iomarca brú ar aon duine/ déantar cinntí níos fearr.*

6 *Cuirtear le scileanna cumarsáide agus le scileanna idirphearsanta*

7 *Spreagtar tuairimí agus smaointe éagsúla.*

8 *Bíonn sé níos éasca fadhbanna a réiteach ó tharla réimse scileanna a bheith ar fáil.*

*3 @ 2m*

*1m + 1m*

| | |
|---|---|
| **C2** | Tá ról tábhachtach ag teicneolaíocht na faisnéise agus na cumarsáide (ICT) i gcúrsaí gnó. Sainaithin **ceithre** ghné de ICT a d'fhéadfadh a bheith in úsáid ag Cúram Carranna agus déan cur síos ar conas a d'fhéadfaí gach ceann díobh a úsáid. Luaigh buntáiste agus míbhuntáiste a bhaineann le gach ceann díobh. **12 marc** |

1 *Ríomhphost*

2 *Idirlíon/Láithreán Gréasáin/Físchomhdáil*

3 *Pacáistí bogearraí, próiseáil focal, bunachar sonraí, scarbhileoga, cuntais.*

4 *Párolla*

5 *Córais chun Stoc a Ordú/EDI*

6 *Teileafóin phóca/ríomhairí glúine/Facs*

7 *Teicneolaíocht Dhiagnóiseach*

*4 @ 3m*

*1m as cur síos a dhéanamh ar a n-úsáid*

*1m as buntáiste a thabhairt*

*1m as míbhuntáiste a thabhairt*

***Ní cheadaítear freagraí a thabhairt an athuair.***

| | | |
|---|---|---|
| **C3** | **(i)** | Cad iad na himpleachtaí do Chúram Carranna a bhaineann leis an Margadh Eorpach Aonair a bheith méadaithe? **4 mharc** |

1 *Tá oibrithe ar fáil ó thar lear le teacht ag obair in Éirinn.*
2 *D'fhéadfadh gnóthais as tíortha eile atá in iomaíocht leo lonnú in aice láimhe.*
3 *D'fhéadfadh go mbeadh siad ábalta ábhair a fháil níos saoire as tíortha eile san Eoraip/gan aon dleacht allmhairithe i gceist.*
4 *Ní mór dóibh cur go leanúnach le caighdeán na seirbhíse a chuirtear ar fáil.*
5 *Airgeadas – airgeadas a fhoinsiú i dtír eile de chuid an AE.*
6 *Margaí nua - deiseanna díol a dhéanamh i mballstáit eile an AE.*

*2 @ 2(0/2m)*

| | |
|---|---|
| **(ii)** | Tabhair breac-chuntas ar **cheithre** réimse den ghnólacht nach mór do Phroinsiasdíriú orthu i gcónaí d'fhonn rathúnas leanúnach a chinntiú. **8 marc** |

1 *Airgeadais* *An cumas iasachtaí a aisíoc.*
*Sreabhadh airgid a bhainistiú/dóthain airgid a bheith ann chun caiteachas seachtainiúil a sheasamh.*
*Pleanáil Chaipitil. Pleananna a dhéanamh don uair a bheidh trealamh nua le ceannach.*
*Íocaíocht a fháil ó chustaiméirí.*

2 *Caighdeán Seirbhíse* *Caithfidh an tseirbhís a bheith ag feabhsú an t-am go léir.*
*Seirbhísí nua a chur ar fáil de réir mar a éileoidh custaiméiri iad.*
*Custaiméirí a choinneáil dílis/custaiméirí a shásamh.*
*Gradaim a bhuachan.*

3 *Foireann* *Foireann oilte oiriúnach a fhostú.*
*Earcú foirne/cumais na bainistíochta/cineálacha difriúla foirne de dhíth/An fhoireann a choinneáil spreagtha/caidreamh maith tionsclaíoch.*

4 *Trealamh* *Infheistiú i dteicneolaíochtaí nua.*
*Trealamh a choinneáil cothrom le dáta.*

5 *Comórtas* *Ag coinneáil chun cinn ar an iomaíocht/praghsáil a bheith iomaíoch.*
*A bheith ar an eolas faoi threochtaí sa todhchaí/taighde margaidh leanúnach*

6 *Margaíocht*
*Caidreamh maith a choinneáil leis an bpobal/Caidreamh Poiblí/ tacú le gnólachtaí áitiúla*
*Fógraíocht/tionscnamh díolachán*
*Bunachar custaiméirí níos mó*

*4 @ 2m (1+1)*

| Roinn C | Ceisteanna Ginearálta | 100 marc |
|---|---|---|

**C.1 Is gné an-tábhachtach de Ghairmchlár na hArdteistiméireachta é an Fhiontraíocht a Thuiscint.**

| | |
|---|---|
| (a) | Liostaigh **dhá** thréith a bhíonn ag duine fiontrach. Luaigh cúis amháin a bhfuil gach tréith díobh tábhachtach. **4 mharc** |

| | | |
|---|---|---|
| *1* | *Duine a ghlacfaidh rioscaí* | *Gan faitíos ar dhuine rud éigin nua a thriail* |
| *2* | *Díograis* | *Ag iarraidh go n-éireodh leis/léi/fuinneamh aige/aici* |
| *3* | *Nuálach* | *Smaointe nua aige/aici.* |
| *4* | *Féinmhuinín* | *Meon dearfach aige/aici* |
| *5* | *Deimhneach* | *Tapaíonn sé/sí deiseanna* |
| *6* | *Forghníomhach* | *Ní bhíonn sé/sí ag brath ar dhaoine eile le gníomhú* |
| *7* | *Dícheallach* | *Iarracht, obair mhór/uaireanta fada* |

*2 @ 2m (1m+ 1m)*

| | |
|---|---|
| (b) | Sainaithin agus mínigh **trí** ghné atá riachtanach le go n-éireodh le duine fiontar gnó a chur ar bun. **9 marc** |

*1 Caipiteal/Airgeadas*

*Foinsí airgeadais/de dhíth d'áitribh/d'innealra/ do stoc/ do chaiteachas laethúil.*

*2 Seirbhís cheart/Táirge ceart*

*Caithfidh éileamh a bheith ar an táirge/an tseirbhís.*
*An caighdeán a bheith ceart.*
*Taighde Margaidh a bheith déanta.*
*USP*

*3 In áit mhaith*

*Gar do mhargadh an táirge/na seirbhíse.*
*Níos éasca amhábhar a fháil ar chostais iompair laghdaithe.*
*Ní chuirtear am amú ag taisteal.*
*Infrastruchtúr/saoráidí*

*4 Foireann*

*Fostaithe tiomanta dícheallacha.*
*Foireann a bhfuil oiliúint cheart orthu.*
*Bainisteoirí maithe.*

*5 Cúrsaí Dlí*

*Ní mór gach dlí a bhaineann le bunú gnólachta a chomhlíonadh.*
*Cead/Ceadúnais a bhaint amach agus a bheith in ord.*
*Saincheisteanna Sláinte & Sábháilteachta a bheith in ord don ghnólacht.*

6 *Bonn margaidh/ custaiméirí*

*Ní mór taighde margaidh a dhéanamh*
*Anailís ar ghnólacht /iomaíocht den sórt céanna/atá ann cheana.*

7 *Plean Gnó*

*Ina leagtar amach aidhmeanna/cuspóirí an ghnólachta.*
*Foinsiú airgeadais/Má bhíonn duine ag fáil iasachta ó bhanc/ ag déanamh iarratais ar dheontas.*

*3 @ 3m (1+1+1)*
***Ní cheadaítear pointí a thabhairt an athuair***

| | | |
|---|---|---|
| (c) | Tabhair breac-cuntas ar thrí bhealach inar féidir le húinéir gnólachta a chinntiú go ndéanfar freastal ar éilimh an chustaiméara | **6 mharc** |

1 *Seirbhís nó táirge ar chaighdeán maith a sholáthar.*
2 *Seirbhís iardhíola mhaith a bheith ar fáil.*
3. *Réimse seirbhísí a thairiscint/a bheith inoiriúnaithe/uaireanta oscailte cóiriúla/earraí sheachadh in am.*
4 *Taighde margaidh/Pleanáil chun cinn/a bheith ag súil le hathruithe ar éileamh/ an tseirbhís ceart.*
5 *Súil a choinneáil ar an iomaíocht/ praghsáil an táirge a bheith iomaíoch.*

*3 @ 2m (1m+1m)*

| | | |
|---|---|---|
| (d) | Tá an rath riachtanach má tá fiontar gnó le maireachtáil. Déan cur síos ar thrí bhealach inar féidir an rath sin a thomhas. | **6 mharc** |

1 *Brabús/láimhdeachas/ardú ar dhíolachán ó bhlianta roimhe*
*Sprioc-bhrabús a bhaint amach/aidhmeanna a bhaint amach*
*Scairphraghas níos fearr*

2 *Comparáid le hiomaitheoirí*
*Sciar den mhargadh*
*A bheith ar an ngnólacht ceannasach i réimse ar leith/ i dtaca le táirge ar leith.*

3 *Gradaim a bhuachan.*
*Aitheantas ón tionscal.*
*Gradaim ISO.*

4 *Caidreamh mhaithe foirne.*
*Gan stailceanna*
*Gan mórán athrú foirne*
*Foireann thiomanta*

5 *Dílseacht custaiméirí*
*Go bhfanann custaiméirí leis an ngnólacht*

6 *Méid an ghnó*
*Leathnú/margaí nua a bhaint amach/táirgí nua*

7 *Leanúnachas/an t-achar ar an bhfód*

*3 @ 2m (1m ceannteideal+1m ar chur sios)*

**C2 Tugann taithí oibre/scáthfhoghlaim agus réiteach dialainne deis luachmhar do mhic léinn taithí a fháil agus machnamh a dhéanamh ar shaol na hoibre**.

| | |
|---|---|
| (a) | Liostaigh **ceithre** chéim a thug tú chun socrúchán oiriúnach a fháil le haghaidh do thaithí oibre/scáthfhoghlama. **4 mharc** |

*1 CV a ullmhú.*
*2 Taighde ar chuideachta/ar phost, labhairt le múinteoir gairmthreorach.*
*3 Scríobh/ghlaoigh/ sheol roímhphost chuig fostóir a d'fhéadfadh glacadh leat*
*4 Chuir glaoch chun dátaí/am a chinntiú.*
*5 D'ullmhaigh don agallamh.*
*6 Foirmeacha toilithe ó thuismitheoirí/ foirm imréitigh Garda/árachas ón scoil*

*4 @ 1m*

| | |
|---|---|
| (b) | Liostaigh agus mínigh **trí** sprioc phearsanta a bhí agat maidir le taithí oibre/scáthfhoghlaim. **6 mharc** |

*1 Socrú ar oir an post/gairm seo domsa.*
*2 Taithí a fháil ar shaol na hoibre, coinneáil ama/lá níos faide.*
*3 Scil nua a fhoghlaim, scil ó thaobh obair i gcomhar/scil chumarsáide.*
*4 Níos mó muiníne a bheith agat, idirghníomhú le daoine fásta.*
*5 Cur le mo CV trí thaithí oibre/moltóir a bheith air.*
*6 A bheith ábalta Dialann a scríobh agus cuid den phunann a thabhairt chun críche.*
*7 Teagmhálacha a dhéanamh ar mhaithe le fostaíocht amach anseo.*

*3 @ 2m*
*(1m + 1m)*

| | |
|---|---|
| (c) | Déan cur síos ar na céimeanna is cóir do dhuine a thabhairt nuair a bhítear ag réiteach d'agallamh le haghaidh poist. **6 mharc** |

*1 Taighde a dhéanamh ar an ngnólacht/ar cheisteanna is dóigh a chuirfear.*
*2 Pleanáil conas mar a rachaidh tú chuig an agallamh/cé chomh fada is a ghlacfaidh sé.*
*3 Ullmhaigh éadach oiriúnach chun dul i bhfeidhm ar lucht an agallaimh.*
*4 Eagraigh agallamh bréige chun scileanna cumarsáide a chleachtadh.*
*5 Athbhreithnigh do CV/d'fhoirm iarratais/ullmhaigh leagan atá cothrom le dáta.*

*3 @ 2m*
*(1m + 1m)*

| | |
|---|---|
| (d) | (i) Cén fáth a bhfuil sé tábhachtach do thaithí oibre/scáthfhoghlaim a mheasúnú?<br>(ii) Tabhair breac-chuntas ar an measúnú a réitigh tú mar chuid de do dhialann/logleabhar.<br>**9 marc**. |

*(i)* *1* *Chun athbhreithniú a dhéanamh ar nithe ar éirigh/nár éirigh go maith leat iontu.*
*2* *Chun cuidiú leat cinntí a dhéanamh amach anseo.*
*3* *Chun cuidiú leat na nithe nach mór duit feabhas a chur orthu/ a dhéanamh ar bhealach eile a aithint.*

*1@ 2m (0, 2)*

*(ii)* *Measúnú i gcomhthéacs mianta staidéir/gairme*

*Ráiteas faoi cé acu siad fós ag iarraidh na gairme seo nó nach bhfuil*
*Measúnú i gcomhthéacs staidéir amach anseo / cúrsa*

*1@ 4m (0, 4)*

*Measúnú conas is féidir an méid a bheidh foghlamtha a chur i bhfeidhm ag an baile, ar scoil, sa phobal.*

*3 @ 1m*

**C3** **Mar chuid de Ghairmchlár na hArdteistiméireachta agat spreagtar thú le baint ghníomhach a bheith agat le mionchuideachta a bhunú.**

| | |
|---|---|
| (a) | Liostaigh **ceithre** mhodh a úsáideann fiontar chun smaointe a ghiniúint.<br>**4 marc** |

*1* *Bosca moltaí do chustaiméirí/d'fhostaithe/athbhreithniú ar ghearáin ó chustaiméirí*
*2* *Taighde margaidh/ suirbhé/idirlíon/comhairleoirí/CEB*
*3* *Féachaint cad atá ar siúl ag iomaitheoirí/smaointe a fháil ó thar lear*
*4* *Tobsmaointe a phlé le fostaithe/pearsanra díolachán*
*5* *Taighde agus Forbairt (R+D)*

*4 @1m*

| | | |
|---|---|---|
| (b) | Mínigh cad is ciall leis an téarma Taighde Margaidh. | **5 mharc** |

*Is éard is taighde margaidh ann ná eolas faoin margadh atá ann do tháirge nó do sheirbhís ar leith a bhailiú agus anailís a dhéanamh air. Cuireann sé sin ar chumas duine cinntí a dhéanamh faoin treo le leanúint sa ghnó.*

*2 + 2+1*

| | |
|---|---|
| (c) | Liostaigh na **ceithre** ghné den mheascán margaíochta (is é P a dtúslitir uile i mBéarla) agus mínigh ceann **amháin** díobh. **7 marc** |

*Meascán Margaíochta* *Táirge*
*Praghas*
*Láthair*
*Tionscnamh* *4 @ 1m*

*1* *An táirge ceart/USP a bheith agat.*
*Dá bhrí sin ní chuirfear airgead amú ag táirgeadh táirge nach mbeidh aon díol air.*
*Beidh a fhios agat an caighdeán a mbeidh custaiméirí ag súil leis.*
*Pacáistiú*
*Caighdeán/é a bheith ar ard-chaighdeán/dearadh maith*

*2* *Praghas/straitéis praghsála.*
*Beidh tú in ann díol an táirge a dhíol ag praghas a bheidh custaiméirí sásta a íoc.*
*Seasfaidh tú an costas chomh maith le brabús a dhéanamh.*
*Beidh tú ar comhchéim le hiomaitheoirí.*

*3* *Láthair*
*Gheobhaidh tú amach faoin áit is ceart do tháirge a dhíol /mórdhíoltóirí/miondíoltóir/idirlíon/teilidhíol.*
*Ní chuirtear airgead amú ag iarraidh a bheith ag díol in áit nach n-éireoidh leat.*

*4* *Tionscnamh*
*Gheobhaidh tú amach an áit ar cóir duit fógraíocht a dhéanamh go héifeachtach ar do tháirge/spriocmhargadh.*
*Cad iad na bealaí is fearr le fógraíocht a dhéanamh ar do tháirge?*
*Teicníocht tionscnaimh díolachán/comórtas*
*Custaiméirí nua a mhealladh*

*Míniú 1 @ 3m (0, 3)*

| | |
|---|---|
| (d) | Tabhair breac-chuntas ar an gcúis a bhfuil sé tábhachtach go ndéanfadh gnólacht taighde margaidh. **9 marc** |

| | | |
|---|---|---|
| *1* | *Lena chinntiú nach gcuirtear airgead amú -* | *Ag táirgeadh táirge nach ndíolfaidh*<br>*An fhógraíocht mhícheart a dhéanamh* |
| *2* | *Chun cúrsaí mar atá siad faoi láthair a mheas -* | *Méid an mhargaidh*<br>*Cad iad na táirgí atá ag díol/ na feabhsúcháin*<br>*Cá ndíolann sé*<br>*Cad é éileamh custaiméirí* |
| *3* | *Chun eolas a fháil faoi -*<br>*Iomaitheoirí -* | *Cé hiad na hiomaitheoirí?*<br>*Cad atá difriúil faoina dtáirge/seirbhís (USP)*<br>*Conas mar a dhíolann siad.* |
| *4* | *Chun eolas a fháil faoi*<br>*Custaiméirí -* | *Cé hiad féin, spriocmhargadh inscne/próifíl aoise/suimeanna ar leith*<br>*Nós maireachtála*<br>*Cad a íocfaidh siad* |

*1@ 6m (3+3) agus 1@ 3m (2+1)*

**C4 Tá sé tábhachtach go mbeimis feasach ar na ceantair ina gcónaímid agus ina mbímid ag obair.**

| (a) | Ainmnigh áisíneacht nó gnólacht **amháin** a bhfuil baint aici le ceann amháin de na réimsí oibre seo a leanas. **3 mharc** |
|---|---|

| | | |
|---|---|---|
| *(i) Cruthú Post* | *FÁS*<br>*Fiontraíocht Éireann*<br>*CEB/Leader/Cuideachta comhpháirtíochta ceantair* | *1 @ 1m* |
| *(ii) Seirbhísí Airgeadais* | *Banc Ainmnithe*<br>*Cumann Foirgníochta*<br>*Cuideachta Árachais*<br>*Comhar Creidmheasa* | *1 @ 1m* |
| *(iii) Seirbhísí Iompair* | *CIÉ*<br>*Bus Átha Cliath*<br>*Iarnród Éireann*<br>*Oibreoir Príobháideach ainmnithe* | *1 @ 1m* |

| (b) | Smaoinigh ar áisíneacht/ghnólacht atá luaite i gcuid (a) agus déan cur síos ar thábhacht na háisíneachta/an ghnólachta sin don cheantar. **4 mharc** |
|---|---|

*1 Tionchar na seirbhíse a sholáthraítear/feidhm*
*2 Tionchar breise*
*Cruthú post,*
*Saoráidí níos fearr*
*Ag tabhairt cuairteoirí chun an bhaile etc.*

*2 @ 2m*
*1m+1m*

| (c ) | Réitigh Ceistneoir a d'úsáidfeá chun imscrúdú a dhéanamh ar do cheantar áitiúil. **10 marc** |
|---|---|

| | | | |
|---|---|---|---|
| *C1* | *Tuath nó Cathair* | | |
| *C2** | *Cineálacha Gnó/tionscail* | *Airgeadas*<br>*Tirimghlantóirí* | *Ollmhargaí*<br>*Gníomhaireachtaí Taistil* |
| *C3* | *Siopadóireacht* | *Áitiúil* | *Eile* |
| *C4** | *Áiseanna Fóillíochta* | *Páirceanna/Cúirteanna*<br>*Halla Pobail*<br>*Taitneamhachtaí Poiblí* | *Linn Snámha*<br>*Pictiúrlanna*<br>*Páirceanna* |
| *C5* | *Seirbhísí sa cheantar* | *Stáisiún Traenach* | *Áras Busanna* |
| *C6* | *Saoráidí Oideachais* | *Réamhscoil*<br>*Dara Leibhéal* | *Bunscoil*<br>*Tríú Leibhéal* |

| | | |
|---|---|---|
| *C7* | *Fostaíocht* | *Cineálacha fostaíochta sa cheantar* |
| *C8* | *Grúpaí Pobail* | *Bailte Slachtmhara/coiste d'fhorbairt pobail/máthair-mamailínigh* |
| *C9* | *Turasóireacht/Oidhreacht* | *Cosáin Turasóireachta/díol spéise/fothraigh/láithreacha ársa* |
| *C10* | *Saincheist áitiúil* | *Truaillliú/coiriúlacht/easpa saoráidí/moltaí í gcomhair feabhsuithe* |

*1m Ceannteideal / Treoracha*
*1m Boscaí / Néata*
*4 ceisteanna @ 2m (0, 2)*
** Pointí Éigeantacha*

(d) Cad iad na dúshláin a d'fhéadfadh a bheith roimh do cheantar áitiúil le linn na gcúig bliana seo chugainn. Luaigh conas a d'fhéadfaí iad sin a shárú. **8 marc**

*1* *Dífhostaíocht de bharr cúlú eacnamaíochta /Cailliúint post de bharr monarchana ag dúnadh/gnólachtaí/fostóirí ag laghdú líon na bhfostaithe.*
*Is féidir seo a shárú trí fhostóirí nua a mhealladh/ athoiliúint a chur ar oibrithe/daoine a spreagadh chun a gcuid siopadóireachta a dhéanamh go háitiúil.*

*2* *Easpa saoráidí d'áitritheoirí/daoine óga/saincheisteanna sóisialta....*
*Coistí áitiúla a eagrú chun oibriú i gcomhar leis an gcomhairle chun saoráidí oiriúnacha a sholáthar.*

*3* *Saincheisteanna comhshaoil*
*Caighdeán uisce a fheabhsú/truailliú etc. Gach duine a bheith ag obair as lámh a chéile agus féachaint le gradam a bhuachan .*

*4* *Naisc Iompair*
*Oibriú le soláthróirí lena chinntiú nach ndúnfar naisc iarnróid/mótarbhealaí a thógáil ar bhealach a bheidh ag luí leis an áit.*

*5* *Bánú/imirce chuig tíortha eile a sheachaint trí obair/CEB/dreasachtaí deontas chun gnólacht nua a bhunú.*

*2 @ 4m (2+2)*

**C5 Cuidíonn imscrúdú ar shlite beatha le mic léinn slí bheatha a aithint a nascfadh na rudaí a bhfuil spéis acu iontu lena n-inniúlachtaí féin.**

(a) Ainmnigh slí bheatha a ndearna tú imscrúdú uirthi. **1 mharc**

*Gairm ar bith* *1 mharc*

(b) Liostaigh **trí** cháilíocht agus **trí** scil atá agat a dhéanann an tslí bheatha sin oiriúnach duitse. **6 mharc**

| | |
|---|---|
| *Scileanna* | *scil láimhe ar bith*<br>*Cumarsáid*<br>*Idirphearsanra*<br>*Pleanáil*<br>*Déanamh cinntí* |

*3 @ 1m*

| | |
|---|---|
| *Cáilíochtaí (Tréithe)* | *A bheith forghníomhach*<br>*Rioscaí a ghlacadh*<br>*Muiníneach*<br>*Fuinniúil*<br>*Féinmhuinín*<br>*Go maith ag cumarsáid*<br>*Teacht aniar etc…* |

*3 @ 1m*

(c) Déan cur síos ar **thrí** mhodh chun gníomhaíocht imscrúdaithe ar shlí bheatha a mheasúnú. **9 marc**

*1* *Déan athbhreithniú ar chaighdeán an eolais a fuarthas/An raibh do dhóthain eolais agat le rogha eolasach a dhéanamh faoi shlí bheatha?*

*2* *Déan athbhreithniú ar an méid eolais a fuarthas /Caighdeán na Tuairisce Imscrúdaithe Gairme don phunann. An bhfuair tú freagraí ar réimse ceisteanna?*

*3* *Toradh na gníomhaíochta, ar spreag sé tú chun oibriú níos déine ar scoil/a bheith níos ciallmhaire faoi do chuid spriocanna.*

*4* *Athbhreithnigh ar chuir tú le scileanna nó ar fhoghlaim tú scileanna nua.*

*1@4m (3+1)*
*1@4m (3+1)*
*1@1m*

| | |
|---|---|
| (d) | Cad iad na roghanna atá ar fáil duit má bhíonn tú dífhostaithe agus más mian leat filleadh ar an obair? Mínigh do chuid freagraí. **9 marc** |

| | | |
|---|---|---|
| *1* | *Athoiliúint /FÁS/VTOS* | *D'fhéadfá do ghairm a athrú go hiomlán.*<br>*D'fhéadfá scileanna nua a fhoghlaim, teicneolaíochtaí nua a fhoghlaim.* |
| *2* | *Do ghnólacht féin a bhunú.* | *Deontais/meantóireacht/comhairle atá ar fáil duit.*<br>*D'fhéadfa uaillmhian phearsanta a chomhlíonadh chun seo a dhéanamh.* |
| *3* | *Obair Dheonach.* | *D'fhéadfá obair dheonach a dhéanamh.*<br>*Gan phá ach sásamh pearsanta aisti.* |
| *4* | *Post Páirtaimseartha* | *D'fhéadfadh go mbeifeá ábalta na huaireanta oibre a roghnú.*<br>*B'fhéidir go mbeifeá ábalta cothromaíocht idir saol/obair a athrú.* |
| *5* | *Imirce* | *Imirce go dtí tíortha eile ina bhfuil obair le fáil.* |

*1 @ 5m (3+2)*
*1 @ 4m (3+1)*

**C.6 Imríonn comhlachtaí deonacha/fiontair phobail ról tábhachtach sna ceantair ina bhfeidhmíonn siad. Tá cainteoir ar cuairt ó chomhlacht deonach/fhiontar pobail agus tá sé/sí sásta cur i láthair a dhéanamh i do rang.**

| | |
|---|---|
| (a) | Ainmnigh comhlacht deonach nó fiontar pobail atá ag feidhmiú i do cheantar áitiúil. **1 marc** |

*Aon chomhlacht deonach nó pobail.* *1 marc*

| | |
|---|---|
| (b) | Sainaithin agus mínigh **trí** dhifríocht idir comhlachtaí deonacha/fiontair phobail agus fiontair thráchtála gnó. **6 mharc** |

*Trí dhifríocht:*

| | *Fiontair Thráchtála* | *Comhlachtaí Deonacha/fiontair phobail* |
|---|---|---|
| *1* | *Brabús á spreagadh* | *Gan brabús á spreagadh* |
| *2* | *Féinmhaoiniú* | *Bailiú airgid/ag brath ar shíntiúis nó ar dheontais.* |
| *3* | *Fostaithe íoctha* | *Oibrithe deonacha formhór den fhoireann.* |
| *4* | *Aidhm acu táirge a tháirgeadh* | *Aidhm ná cuidiú le daoine eile* |
| *5* | *Chun leasa úinéirí/infheisteoirí* | *Chun leasa an phobail* |

*3 @ 2m (1+1)*

| | |
|---|---|
| (c ) | Cad iad na céimeanna is cóir a thabhairt lena chinntiú go n-eagrófar an chuairt i gceart agus go reáchtálfar go héifeachtach í? **6 mharc** |

*1* *Tabhair dóthain ama duit féin lena pleanáil, bunaigh coiste chun an phleanáil a chomhordú.*
*2* *Déan liosta de na jabanna atá le déanamh.*
*3* *Leag tascanna pleanála ar dhaoine difriúla.*
*Iarr cead ón bPríomhoide*
*Dáta a shocrú*
*Seomra a eagrú*
*4* *Déan teagmháil leis an gcainteoir; socraigh dáta/am; déan nóta d'aon iarratais speisialta mar theilgeoir*
*5* *Déan taighde ar an gcainteoir/eagraíocht sa chaoi is gur féidir ceisteanna a ullmhú.*
*6** *Déan socruithe do lá na cuairte; cad a dhéanfaidh gach duine ar an lá, cinntigh go bhfuil ról ag gach duine sa rang. Socraigh go mbeidh uisce ar fáil/ go gcasfar leis an gcainteoir agus go gcuirfear fáilte roimh leis/léi agus go nglacfar buíochas leis/léi ag an deireadh.*

*2 @ 3m (2+1)*

| | | |
|---|---|---|
| (d) | (i) | Tabhair breac-chuntas ar na hábhair a d'fhéadfadh teacht aníos don eagraíocht a thagann ar cuairt. |
| | (ii) | Mínigh **trí** chuspóir a d'fhéadfadh a bheith ag an rang agus an chuairt á heagrú acu? **12 marc** |

(i)

*1* *Airgeadas……….*
*2* *Oibrithe deonacha a aimsiú……………..*
*3* *Foirgneamh/láthair oiriúnach*
*4* *Gan a bheith ábalta éileamh ar na seirbhísí a chomhlíonadh.*

*2 @ 3m (0, 3)*

*(ii)*

*1* *Obair i gcomhar (+ forbairt bhailí)*
*2* *Cur le scileanna pleanála. (+ forbairt bhailí)*
*3* *Feasach a ardú sa scoil / craobh a bhunú sa scoil. (+ forbairt bhailí)*
*4* *Mír dá bPunann Nascmhodúl. (+ forbairt bhailí)*

*3 @ 2m (0, 2)*